NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11013 – CINVEN VII / OTPP / GROUP.ONE / DOGADO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 49/08)

1. An 30 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cinven Capital Management (VII) General Partner Limited ("Cinven VII", Geansaí), atá faoi rialú deiridh Civil Partnership Limited ("Cinven", Geansaí),

— The Ontario Teacher's Pension Plan Board ("OTPP", Ceanada),

— Redhalo Jersey Topco Ltd ("group.ONE", Geirsí), atá faoi rialú Cinven Capital Management (VI) General Partner Limited ("Cinven VI", Geirsí) faoi láthair, agus atá faoi rialú deiridh Cinven freisin,

— dogado GmbH ("dogado", an Ghearmáin).

Gheobhaidh Cinven VII agus OTPP rialú comhpháirteach ar group.ONE agus ar dogado de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Cinven a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta a sholáthar do roinnt chistí infheistíochta. Tá roinnt cuideachtaí punainne á rialú ag Cinven ar cuideachtaí iad atá gníomhach in earnálacha éagsúla ar fud réimse dlínsí,

— Is corparáid gan scairchaipiteal é OTPP atá ionchorpraithe faoi Acht Pinsean na Múinteoirí (Ontario), agus tá a phríomhsheoladh oifige agus gnó aige in Toronto, Ontario, Ceanada. Tá OTPP bainteach le sochair phinsin a riar agus sócmhainní plean pinsin a infheistiú thar ceann 333 000 múinteoir, idir mhúinteoirí gníomhacha agus mhúinteoirí atá ar scor, i gcúige Ontario Cheanada,

— Tá Group.ONE gníomhach i soláthar seirbhísí óstála gréasáin agus seirbhísí gaolmhara,

— Tá dogado gníomhach i soláthar seirbhísí óstála gréasáin agus seirbhísí gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11013 – CINVEN VII / OTPP / GROUP.ONE / DOGADO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË